

# Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

## Aighneacht Gaeloideachas

chuig

An Coiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Maidir le

**Ag cinntiú go bhfanann scoileanna ar oscailt i mbealach atá sábháilte agus inbhuanaithe**

### 1. Réamhfocal

Is mian le Gaeloideachas leis seo aighneacht a chur faoi bhráid An Coiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht ag freagairt do chuireadh ar aighneachta maidir le *Ag cinntiú go bhfanann scoileanna ar oscailt i mbealach atá sábháilte agus inbhuanaithe*.

Fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis aighneacht a chur chuig an gCoiste, agus ach go háirithe mar a bhaineann le hearnáil na scoileanna lán-Ghaeilge, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

Is mian le Gaeloideachas an deis a thapú tréaslú leis an Roinn Oideachais agus leis an HSPC as an méid a baineadh amach i dtréimhse dhochreidte dhúshlánach, gan feasach ná mapa bóthair. Tá dúshlán ollmhór rompu arís agus tá súil ag Gaeloideachas go gcabhróidh aiseolas agus moltaí meáite na bpáirtnéirí oideachais leo sa tréimhse seo.

Tá na saincheisteanna a bhaineann leis na scoileanna uile ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal ábhartha do gach cineál scoile, cuma cén éiteas teanga atá acu. Tá nádúr, cineál agus réimse na saincheisteanna sin cuimsithe go héifeachtach ag na páirtnéirí oideachais ar fad sna cruinnithe comhairliúcháin leis an Roinn Oideachais. I measc na saincheisteanna, ábhar imní agus moltaí reatha, áirítear-

- An riachtanas a bhaineann le heolas soiléir, cruinn, agus tráthúil a chuirfeadh na foirne agus na tuismitheoirí ar a suaimhneas maidir le ráta aistrithe íseal Covid 19 sa suíomh scoile.
- Níos mó tacaíochta, treoracha agus cúnamh de dhíth ar mhúinteoirí atá faoi bhrú mór agus an-ínníoch; go háirithe iad seo le dúshlán sláinte iad féin.
- Líne chabhrach 24/7 a bheith ar fáil go heisiach do phríomhoidí.
- Tuairiscítear go bhfuil moill ar an gcomhairle ón HSPC do na scoileanna le cásanna, rud atá ag cruthú dúshláin.
- Tá gá le sainmhíniú ar dhlúththeagmhálacha sa suíomh scoile.
- Tá gá le heolas ar na céimeanna a ghlacfar má théann uimhreacha i méid go suntasach sna scoileanna.

- Fáiltítear roimh na socruithe áitiúla atá á mbeartú ag an HSPC maidir le seirbhísí tacaíochta do scoileanna sa chás go mbíonn cás ann agus an bealach is fearr le plé leis ag leibhéal na scoile.

Leagtar amach thíos roinnt saincheisteanna a bhaineann le scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar earnáil iontu féin le sainriachtanais ar leith.

## **2. Na Saincheisteanna mar a bhaineann le scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta**

### **a) Cumarsáid idir an Roinn agus na Páirtnéirí Oideachais**

In ainneoin stádas ag Gaeloideachas mar pháirtnéirí Oideachais, níl ionadaíocht aici sa ghrúpa a bhunaigh an Roinn Oideachais chun plé leis an gceist faoi athoscailt scoileanna / scoileanna a choinneáil ar oscailt. Bhí an grúpa seo comhdhéanta de na pátrúin, an INTO agus an IPPN. Mar eagraíocht ionadaíoch ar na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta uile, b'ábhar míshástachta dúinn é gan bheith san áireamh, go háirithe agus scoileanna ag lorg tacaíochta agus treoir uainn maidir le roinnt ceisteanna. Tá an eagraíocht rannpháirteach, áfach, i ngrúpaí eile de chuid na Roinne a bhaineann leis na páirtnéirí oideachais. Cruthaíonn an easpa leanúnachais seo dúshlán agus muid ag soláthar seirbhísí tacaíochta / eolais do scoileanna.

Molann Gaeloideachas go mbeadh aon chóras amháin lárnach mar a bhaineann leis na páirtnéirí oideachais chun aon mhír agus easpa leanúnachais sa chumarsáid a sheachaint.

Tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbeadh cumarsáid shoiléir agus comhleanúnach leis na heagraíochtaí agus leis na geallsealbhóirí uile de bharr na gcúinsí athraitheacha agus an brú breise ar an gcóras agus an tsochaí ag freagairt do Covid 19.

Moltar leas a bhaint as eispéireas foghlama Covid 19 agus feabhas a chur ar na modhanna agus na hardáin cumarsáide agus comhoibríthe tríd an earnáil ar fad chun críche cumarsáid dhátheangach atá tráthúil, trédhearcach agus ar ardchaighdeán.

### **b. Cumarsáid idir an Roinn agus na Scoileanna**

Baineann ceist na cumarsáide go dlúth le teanga na cumarsáide do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Bhí fadhb shuntasach ann ag tús na paidéime de bharr eisiúint eolais / polasaithe / teoracha agus cumarsáid i gcoitinne trí Bhéarla amháin nó trí Bhéarla ar dtús agus moill ar an leagan Gaeilge. Ní féidir le scoil lán-Ghaeilge nó Ghaeltachta feidhmiú ar an gcaoi sin agus tá baol ann go mbíonn orthu a gcuid gnó a dhéanamh trí Bhéarla nó go méadaítear a gcuid brú go suntasach ag aistriú go Gaeilge iad féin go dtí go mbíonn an leagan foirmiúil ann leis an téarmaíocht chuí.

Is minic nach ionann nach hacmhainní ar an leagan Gaeilge agus Béarla, rud a chruthaíonn cailliúint muiníne sa leagan Béarla. Tá sampla de seo ag an nasc seo:

<https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/covid-19.html>

Cruthaíodh dúshlán an-mhór do na scoileanna agus a gcuid daltaí nuair nach raibh na tairsigh do na srúduithe Stáit ar fáil i nGaeilge. Ní amháin go gcuireann sé ar dhaoine feidhmiú i dteanga eile nach í an ghnáththeanga oibre / cumarsáide / foghlama dóibh ach tugann sé ráiteas faoi stádas agus luach na teanga ag gníomhairí stáit.

Tá sé den riachtanas go mbeadh treoirínite an HSPC ar fáil go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla - tá scoileanna ag brath orthu le feidhmiú go sábháilte.

Ní mór a chinntiú go bhfuil gach eolas ar fáil go dátheangach, go comhuaineach, gan eisceacht.

Ar ábhar na meáin náisiúnta, braitear go bhfuil sé míchothrom nach bhfuil an fhógraíocht trí mheán na Gaeilge mar a bhaineann le Covid. Tá úsáid ghnáththeanga chumarsáide na ndaltaí agus na bpáistí a thógtar le Gaeilge riachtanach chun go mbraitear go bhfuil an Stát ag freastal ar gcuid riachtanais freisin.

### **c. Seirbhísí seachtracha**

I bhfianaise an méadú ar an tacaíocht atá de dhíth ar dhaltá chun dul I ngleic le dúshlán phearsanta, foghlama agus mothúchánach san aeráid reatha, gan trácht ar sheirbhísí riachtanais oideachais bhreise, ní mór a chinntiú go bhfuil an tseirbhís sin ar fáil I dteanga an dalta / teanga na scoile.

### **d. Múnla cumaisc**

Le linn na dianghlásála, bhí an-éagsúlacht sa chur chuige scoile ó thaobh an teagaisc agus na foghlama ar líne. Bhí scoileanna ann a rinne an-chuid teagmhála aghaidh ar aghaidh, trí mhúinteoireacht bheo srl agus bhí cleachtais eile ann ina raibh béim níos mó ar an fhoghlaim féinstiúrtha.

Is féidir a mhaíomh go bhfuil an ghné aghaidh le haghaidh fíorthábhachtach I gcomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge agus sealbhú teanga, go háirithe de bharr an easpa teagmhála a bheadh ann idir na daltaí agus an teanga agus an scolaíocht ag tarlú ó bhaile.

Moltar soiléiriú an-chruinn ar na hionchais teagaisc atá ann agus a bheidh ann sa chás go mbeidh dalta; múinteoir; rang nó scoil iomlán sa bhaile.

Molann Gaeloideachas go hard an clár scoile a d'fhorbair TG4 do dhaltá le linn na tréimhse dianghlásála agus atá ann go fóill. Moltar do mhúinteoirí an oiread leasa agus is féidir a bhaint as seo mar acmhainn luachmhar foghlama, le Gaeilge shaibhir aoibhinn, agus a bhféadfaí a úsáid le linn an lá scoile nó mar chuid den scolaíocht bhaile.

### **e. Soláthar múinteoirí / Ionadaithe scoile**

Tuairiscíonn na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta go bhfuil an dúshlán a bhaineann le múinteoirí ábhair bhuana a earcú méadaithe go suntasach. Tá sé fíordhúshlánach múinteoirí a earcú ag an iar-bhunleibhéal faoi láthair leis an gcáilíocht chuí san ábhar agus an cumas cuí sa Ghaeilge. Fágann sé seo go bhfuil go leor ábhair á dteagasc trí Bhéarla i suímh lán-Ghaeilge.

Ag an mbunleibhéal, tá cnuasaigh scoileanna eatramhacha ann chun críche ionadaithe a sholáthar de bharr easnaimh sna scoileanna. In ainneoin nach bhfuil cnuasach lán-Ghaeilge ann féin ann agus go bhfuil na scoileanna sna cnuasaigh chéanna leis na bunscoileanna Béarla, tuairiscítear go bhfuil sé ag feidhmiú go breá. É sin ráite, agus líon na n-ionadaithe a bheidh ag teastáil ag dul i méid, beidh dúshlán ann múinteoirí le Gaeilge ag leibhéal cuí a earcú, agus atá eolach agus tuisceanach faoin gcóras tumoideachais. Moltar filleadh ar an bhféidearthacht painéil / cnuasaigh scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a bheith ann.

#### **f. Scoileanna beaga**

Is scoileanna beaga iad go leor de na scoileanna Gaeltachta, agus go leor de na scoileanna lán-Ghaeilge i gceantair iargúlta. De bharr a nádúir mar scoil bheag, d'fhulaing an ganntanas foirne agus tacaíochta orthu le dul i ngleic leis an dianphleanáil a bhí agus atá de dhíth.

Molar tacaíocht foirne bhreise tríd na painéil ionadaithe le cabhrú leis an riaracháin agus an phleanáil riachtanach atá idir lámha.

#### **g. Cóiríocht shealadach**

Is cóiríocht shealadach atá ag go leor de na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, rud a chuireann leis na dúshláin infreastruchtúr reatha agus na dúshláin a bhaineann le spás breise a bheith ar fáil.

Fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis aon chuid den aighneacht seo a phlé le baill an Choiste.

Gaeloideachas

21 Deireadh Fómhair 2020